2025/2546

22.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2546 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Nollaig 2025

maidir le cur i bhfeidhm na bprionsabal chun astaíochtaí leabaithe dearbhaithe a fhíorú de bhun Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/956 leagtar síos prionsabail maidir le fíorú astaíochtaí, i gcás ina gcinntear iad i bhfianaise luachanna iarbhír, ar luachanna iad atá leabaithe in earraí a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais ó 2026 ar aghaidh.

(2) Chun coibhéis agus comhleanúnachas a áirithiú, i gcás inar féidir, leis na nósanna imeachta atá infheidhme maidir le CTA AE agus a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún ([2]), agus sainiúlachtaí SCCT á gcur san áireamh an tráth céanna agus an t-ualach riaracháin á íoslaghdú, ba cheart aird chuí a thabhairt ar na rialacha ábhartha is infheidhme faoi CTA AE. I ngeall ar shainiúlachtaí SCCT, cinneadh an fhíoraitheora chun cuairt fhíorúil a thabhairt ar an láithreán a chur in ionad na cuairte fisicí ar an láithreán nó an chuairt ar an láithreán a tharscaoileadh, níor cheart an cinneadh sin a bheith faoi réir fhormheas na n-údarás inniúil.

(3) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/956, mar chuid den fhíorú, tabharfaidh fíoraitheoirí cuairt fhisiceach ar láithreán na suiteála ina dtáirgtear na hearraí ábhartha. Sa chéad bhliain atá faoi réir fíoraithe, ba cheart an gá a bheith ann cuairt fhisiceach a thabhairt ar láithreán na suiteála i ngach cás. D'fhonn an costas agus an t-ualach riaracháin a bhaineann le cuairt ar an láithreán a laghdú, sa dara bliain as a chéile a bheidh faoi réir fíorúcháin, féadfaidh an fíoraitheoir cuairt fhíorúil ar an láithreán a chur in ionad na cuairte fisicí ar an láithreán nó an chuairt ar an láithreán a tharscaoileadh i gcás ina gcomhlíontar critéir shonracha, lena n-áirithítear nach gcuirfear iontaofacht an fhíoraithe i mbaol. Ní fhéadfaidh an fíoraitheoir a chinneadh é sin a dhéanamh ach amháin má rinne an fíoraitheoir cuairt fhisiceach ar an láithreán le linn na bliana roimhe sin. Ba cheart cuairteanna fisiceacha a thabhairt ar an láithreán gach 2 bhliain ar a laghad. I gcás suiteálacha óna n-allmhairítear leictreachas isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó óna n-úsáidtear leictreachas chun earraí a tháirgeadh, ba cheart solúbthacht bhreise a dheonú chun cuairt fhíorúil ar an láithreán a chur in ionad na cuairte fisicí ar an láithreán mar gheall ar chastacht an fhíoraithe sin a bheith laghdaithe.

(4) Féadfaidh an fíoraitheoir cuairt fhíorúil ar an láithreán a chur in ionad na cuairte fisicí ar an láithreán freisin, i gcás ina gcuirtear cosc ar an bhfíoraitheoir cuairt fhisiceach a thabhairt ar an láithreán mar gheall ar imthosca tromchúiseacha, urghnácha agus neamh-intuartha. Mura gcomhlíontar na coinníollacha is infheidhme, níor cheart é a bheith indéanta an tsuiteáil a fhíorú.

(5) Cuid fhíor-riachtanach den phróiseas fíorúcháin is ea anailís a dhéanamh ar shoghabháltacht na sonraí tuairiscithe i leith míráitis agus neamh-chomhréireachtaí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha. Ba cheart don fhíoraitheoir cur chuige rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm agus é mar aidhm aige teacht ar thuairim maidir leis an bhfíorú lena dtugtar dearbhú réasúnach nach bhfuil míráiteas ábhartha ann maidir leis na hastaíochtaí iomlána agus ionas gur féidir an tuarascáil a fhíorú mar thuarascáil shásúil.

(6) Chun ullmhú d'fhíorú thuarascáil astaíochtaí an oibreora agus chun tacú le measúnú an fhíoraitheora i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil tionchar ábhartha ag míráiteas, neamh-chomhréireacht nó neamhchomhlíonadh ar na sonraí astaíochtaí nó ar an gcoigeartú ar leithdháileadh saor in aisce, ba cheart tairseacha ábharthachta iomchuí a chinneadh, agus an chothromaíocht idir castacht agus úrnuacht chúraimí fíorúcháin SCCT agus cruinneas an ríomha á gcur san áireamh. I bhfianaise chineál sonrach SCCT, ba cheart na tairseacha sin a chinneadh ar leibhéal na n-earraí. Féadfar na leibhéil ábharthachta a athbhreithniú le himeacht ama, agus an taithí phraiticiúil a fuarthas le linn chur i bhfeidhm an Rialacháin seo á cur san áireamh.

([1]) IO L 130, 16.5.2023, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/956/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le fíorú sonraí agus maidir le creidiúnú fíoraitheoirí de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 334, 31.12.2018, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2067/oj).

(7) Chun ullmhú, cur isteach, inléiteacht agus athbhreithniú na dtuarascálacha fíorúcháin a éascú, ba cheart teimpléad leictreonach aonair a bheidh le forbairt ag an gCoimisiún a úsáid. An fhaisnéis is gá chun an dearbhú SCCT a chur isteach de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2023/956 agus a athbhreithniú de bhun Airteagal 19(2) den Rialachán sin, ba cheart an fhaisnéis sin a bheith sa tuarascáil fíorúcháin.

(8) Nuair a phróiseáiltear sonraí pearsanta i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus, i gcás inarb ábhartha, ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(9) Baineann forálacha an Rialacháin seo le prionsabail fíorúcháin atá le cur i bhfeidhm ag fíoraitheoirí a dhéanann gníomhaíochtaí i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a scaoilfear ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2026.

(10) I gcomhthráth le comhairliúcháin theicniúla leis na Ballstáit, lena n-áirítear comhairliúcháin theicniúla ar leibhéal na saineolaithe, rinne an Coimisiún Eorpach comhairliúcháin fhorleathana le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear ionadaithe tionscail, chun ionchur a bhailiú dá chuid ullmhúcháin maidir leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo.

(11) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 17 Samhain 2025.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste SCCT,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, i dteannta na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551 ([5]) ón gCoimisiún agus Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 ón gCoimisiún ([6]), tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'míráiteas' easnamh, mífhaisnéis nó earráid i sonraí tuairiscithe an oibreora, gan an éiginnteacht a bhaineann le huirlisí tomhais ná le hanailísí saotharlainne a chur san áireamh;

(2) ciallaíonn 'míráiteas ábhartha' míráiteas a sháraíonn, ina aonar nó nuair a chomhiomlánaítear é le míráitis eile, an tairseach ábharthachta nó a d'fhéadfadh, i bhfianaise bhreithiúnas saineolach an fhíoraitheora, mar gheall ar a mhéid agus a chineál, tionchar a imirt ar na hastaíochtaí iomlána tuairiscithe nó ar fhaisnéis ábhartha eile;

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le creidiúnú fíoraitheoirí a dheonú, rialú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar fhíoraitheoirí creidiúnaithe, creidiúnú a tharraingt siar, agus aitheantas frithpháirteach agus meastóireacht piaraí a dhéanamh ar na comhlachtaí creidiúnaithe (IO L, 2025/2551, 22.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/2551/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2025 lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na modhanna chun astaíochtaí atá leabaithe in earraí a ríomh (IO L, 2025/2547, 22.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2547/oj).

(3) ciallaíonn 'tairseach ábharthachta' an tairseach chainníochtúil nó an scoithphointe ar os a cionn a mheasann an fíoraitheoir gur míráitis ábhartha iad míráitis, ina n-aonar nó nuair a chomhiomlánaítear iad le míráitis eile;

(4) ciallaíonn 'neamh-chomhréireacht' aon ghníomh nó neamhghníomh de chuid an oibreora nach gcomhlíonann ceanglais an phlean faireacháin nó na modheolaíochta faireacháin is infheidhme maidir leis an tsuiteáil shonrach, mar a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547;

(5) ciallaíonn 'neamh-chomhréireacht ábhartha' neamhchomhlíonadh is cúis le míráiteas ábhartha.

Airteagal 2

Cuairteanna fisiciúla ar an láithreán agus cuairteanna fíorúla ar an láithreán nó tarscaoileadh ina n-ionad

1. Féadfaidh an fíoraitheoir cuairt fhíorúil ar an láithreán a chur in ionad cuairt fhisiceach ar an láithreán dá dtagraítear i Roinn 2.12 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551 i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 3 nó 4.

2. An oibleagáid maidir le cuairt fhisiceach a thabhairt ar an láithreán dá dtagraítear i Roinn 2.12 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2551, féadfaidh an fíoraitheoir an oibleagáid sin a tharscaoileadh i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3.

3. Cinneadh an fhíoraitheora cuairt fhíorúil a thabhairt ar an láithreán a chur in ionad na cuairte fisicí ar an láithreán nó an oibleagáid cuairt fhisiceach ar an láithreán a tharscaoileadh, cuirfidh an fíoraitheoir an t-oibreoir ar an eolas faoin gcinneadh gan mhoill.

Airteagal 3

Coinníollacha maidir le cuairt fhíorúil a thabhairt ar an láithreán nó tarscaoileadh na hoibleagáide cuairt fhisiciúil a thabhairt ar an láithreán

1. Féadfaidh an fíoraitheoir a chinneadh cuairt fhíorúil a thabhairt ar an láithreán nó an oibleagáid maidir le cuairt fhisiceach ar an láithreán a tharscaoileadh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) thug fíoraitheoir cuairt fhisiceach ar an láithreán le linn na tréimhse tuairiscithe a bhí ann díreach roimh an tréimhse thuairiscithe atá ann faoi láthair;

(b) i gcás tarscaoileadh na hoibleagáide cuairt fhisiceach a thabhairt ar an láithreán, thug fíoraitheoir cuairt fhisiceach ar an láithreán le linn dhá thréimhse tuairiscithe roimh an tréimhse tuairiscithe reatha;

(c) tá tuiscint leordhóthanach ag an bhfíoraitheoir ar fheidhmiú na suiteála, ar na próisis táirgthe agus ar na córais faireacháin agus tuairiscithe, lena n-áirítear ar chóras rialaithe an oibreora;

(d) measann an fíoraitheoir go bhfuil cineál agus leibhéal castachta chóras faireacháin agus tuairiscithe na suiteála chomh maith leis na rioscaí bunúsacha agus rialaithe de chineál nach gá cuairt fhisiceach a thabhairt ar an láithreán;

(e) tá an fíoraitheoir in ann an fhaisnéis uile is gá le haghaidh an fhíoraithe a fháil agus a mheasúnú go cianda, lena n-áirítear maidir le cur i bhfeidhm ceart na modheolaíochta a thuairiscítear sa phlean faireacháin, na sonraí a thuairiscítear i dtuarascáil astaíochtaí an oibreora, na próisis táirgthe agus na réamhtheachtaithe a úsáidtear;

(f) an cinneadh cuairt fhíorúil a thabhairt ar an láithreán nó an cinneadh an chuairt fhisiceach ar an láithreán a tharscaoileadh, tá an cinneadh sin bunaithe ar thorthaí na hanailíse riosca, agus tá na bearta is gá sainaitheanta ag an bhfíoraitheoir agus déanta aige chun an riosca físorúcháin a laghdú go leibhéal inghlactha chun dearbhú réasúnach a fháil go bhfuil tuarascáil astaíochtaí an oibreora saor ó mhíráitis ábhartha agus ó neamh-chomhréireachtaí;

(g) ní dhearnadh aon athrú ná modhnú suntasach ar an tsuiteáil ná ar a plean faireacháin ó tugadh an chuairt fhisiceach dheireanach ar an láithreán, lena n-áirítear aon cheann de na hathruithe suntasacha seo a leanas:

(1) próisis táirgthe nua nó bealach táirgthe nua a thosú nó próisis táirgthe nó bealach táirgthe a dhúnadh;

(2) athruithe ar phróiseas táirgthe comhpháirteach réamhtheachtaithe agus earraí casta, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(9) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547 maidir le hastaíochtaí leabaithe a ríomh;

(3) athruithe ar sholáthar fuinnimh na suiteála;

(4) athruithe ar naisc theicniúla idir próisis táirgthe nó bealaí táirgthe, amhail línte breise nó línte bainte chun breoslaí, ábhair, teas intomhaiste, dramhgháis nó earraí arna dtáirgeadh a aistriú;

(5) i gcás ina n-úsáidtear luachanna iarbhír, athruithe a bhaineann le réamhtheachtaithe a tháirgtear ag an tsuiteáil nó a fhaightear ó shuiteálacha eile;

(6) athrú ar an modheolaíocht faireacháin (ríomhbhunaithe, tomhas-bhunaithe, eile);

(7) athruithe a shainaithin an fíoraitheoir le linn na hanailíse straitéisí nó na hanailíse riosca mar chineálacha cur chuige fíorúcháin atá an-éagsúil leis na cineálacha cur chuige a cuireadh i bhfeidhm le linn an fhíoraithe roimhe sin, amhail breoslaí nó ábhair nua a chur leis, nó uirlisí tomhais nua a chur leis.

2. An oibleagáid maidir le cuairt fhisiceach a thabhairt ar láithreán na suiteála ina dtáirgtear leictreachas, féadfaidh an fíoraitheoir an oibleagáid sin a tharscaoileadh ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) is é leictreachas an t-aon earra a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 a tháirgeann an tsuiteáil;

(b) ní úsáideann an tsuiteáil aon ábhar, breosla ná próiseas táirgthe a d'fhéadfadh gáis ceaptha teasa a astú le linn gnáthoibríochta. Ní mheasfar go gcomhlíonann na suiteálacha seo a leanas an critéar seo:

(1) suiteálacha a úsáideann bithmhais mar a shainmhínítear i Roinn 1, pointe 9, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547;

(2) suiteálacha a dhéanann gabháil carbóin, lena n-áirítear chun críche stórála geolaíche nó chun GCT a úsáid i dtáirgeadh breoslaí nó ábhar eile;

(3) suiteálacha a aistríonn gáis ceaptha teasa chuig suiteálacha, píblínte nó bonneagair iompair CO_2 eile mar a shainmhínítear in Airteagal 3(29) de Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]);

(c) thug fíoraitheoir cuairt fhisiceach amháin ar a laghad ar an láithreán le linn na cúig thréimhse thuairiscithe dheireanacha a bhí ann díreach roimh an tréimhse tuairiscithe reatha;

(d) comhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, pointí (c) go (f).

Airteagal 4

Coinníollacha maidir le cuairt fhíorúil ar an láithreán mar gheall ar imthosca tromchúiseacha, urghnácha agus neamh-intuartha

Féadfaidh an fíoraitheoir a chinneadh cuairt fhíorúil a thabhairt ar an láithreán ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) cuirtear cosc ar an bhfíoraitheoir cuairt fhisiceach a thabhairt ar an láithreán mar gheall ar imthosca tromchúiseacha, urghnácha agus neamh-intuartha nach bhfuil neart ag an oibreoir orthu, agus ní féidir na himthosca sin a shárú tar éis gach iarracht réasúnach a úsáid;

(b) tá cinneadh an fhíoraitheora cuairt fhíorúil a thabhairt ar an láithreán bunaithe ar thorthaí na hanailíse riosca;

(c) tá na bearta is gá sainaitheanta ag an bhfíoraitheoir agus déanta aige chun an riosca fíorúcháin a laghdú chuig leibhéal inghlactha chun dearbhú réasúnach a fháil go bhfuil tuarascáil astaíochtaí an oibreora saor ó mhíráitis ábhartha.

([7]) Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj).

Airteagal 5

Tairseacha ábharthachta agus paraiméadair eile

1. Agus measúnú á dhéanamh ar mhíráitis maidir le sonraí tuairiscithe sa tréimhse thuairiscithe faoi réir fíoraithe, le haghaidh gach tona den earra ábhartha, arna shainaithint lena chód Ainmníochta Comhcheangailte (AC), cuirfidh an fíoraitheoir na tairseacha ábharthachta seo a leanas i bhfeidhm:

(a) 5 % de na sainastaíochtaí leabaithe iomlána;

(b) 5 % den leithdháileadh saor in aisce leabaithe iomlán.

2. Úsáidfidh an fíoraitheoir breithiúnas saineolach freisin i dtaobh cé acu a mheasfar nó nach measfar míráitis nó neamh-chomhréireachtaí a bheith ábhartha, ina n-aonar nó nuair a chomhiomlánaítear iad le míráitis nó neamh-chomhréireachtaí eile, a bhfuil údar leo de bharr a méide agus a gcineáil, maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) míráitis atá faoi bhun na tairsí ábharthachta de bhun mhír 1, bíodh siad ina n-aonar nó nuair a chomhiomlánaítear iad le míráitis eile;

(b) paraiméadair nach dtagraítear dóibh i mír 1.

Airteagal 6

Formáid na tuarascála fíorúcháin

Ullmhófar an tuarascáil fíorúcháin bunaithe ar theimpléad leictreonach arna sholáthar ag an gCoimisiún trí Chlárlann SCCT.

Beidh ar a laghad an fhaisnéis a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo sa teimpléad leictreonach.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Teimpléad na tuarascála fíorúcháin

1. SONRAÍ AITHEANTAIS GINEARÁLTA

1.1. **Sainaithint an oibreora agus na suiteála**

(a) ainm an oibreora;

(b) cláruimhir chorparáideach nó gníomhaíochta an oibreora;

(c) seoladh iomlán i mBéarla;

(d) an tsuiteáil atá á fíorú, arna sainaithint leis na sonraí seo a leanas:

(1) ainm na suiteála;

(2) aitheantóir uathúil suiteála i gClárlann SCCT;

(3) Cód infheidhme na Náisiún Aontaithe um Shuíomhanna Trádála agus Iompair (NA/LOCODE) an tsuímh;

(4) seoladh iomlán i mBéarla agus comhordanáidí geografacha na suiteála, arna shloinneadh i ndomhanfhad agus i ndomhanleithead, lena n-áirítear sé dheachúil.

1.2. **Sainaithint na tuarascála fíorúcháin**

(a) aitheantóir uathúil na tuarascála fíorúcháin;

(b) an tréimhse thuairiscithe is infheidhme.

1.3. An fíoraitheoir a shainaithint

(a) ainm an fhíoraitheora;

(b) seoladh na háite ina bhfuil an fíoraitheoir bunaithe;

(c) i gcás inar sheachfhoinsigh an fíoraitheoir gníomhaíochtaí fíorúcháin, seoladh/seoltaí oifige nó oifigí na foirne fíorúcháin;

(d) uimhir chreidiúnaithe an fhíoraitheora;

(e) ainm an chomhlachta creidiúnaithe náisiúnta;

(f) tír bhunaíochta an chomhlachta creidiúnaithe náisiúnta;

(g) dáta éaga an chreidiúnaithe;

(h) aon raon feidhme creidiúnaithe atá ábhartha maidir le SCCT.

2. FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN BHFÍORÚ

2.1. **Foireann fíorúcháin**

(a) ainm cheannaire na foirne fíorúcháin;

(b) ainm an phríomhiniúchóra SCCT agus na n-iniúchóirí agus na saineolaithe teicniúla SCCT uile ar comhaltaí den fhoireann fíorúcháin iad;

(c) más infheidhme, ainm an phríomhiniúchóra SCCT, na n-iniúchóirí SCCT agus na saineolaithe teicniúla a thugann faoin gcuairt fhisiceach nó fhíorúil ar an láithreán.

2.2. **Sonraí maidir le cuairteanna fisiceacha agus fíorúla ar an láithreán**

(a) más infheidhme, dátaí na gcuairteanna fisiceacha ar an láithreán agus líon na laethanta a caitheadh ar an láthair;

(b) dáta na cuairte fisicí deireanaí ar an láithreán;

(c) más infheidhme, dáta na cuairte fíorúla ar an láithreán agus míniúchán mionsonraithe ar na cúiseanna atá leis an gcuairt sin;

(d) más infheidhme, míniúchán mionsonraithe ar na cúiseanna a bhí leis an oibleagáid cuairt fhisiciúil a thabhairt ar an láithreán a tharscaoileadh;

(e) más infheidhme, dáta agus suíomh na gcuairteanna eile a bhaineann leis an bhfíorú.

2.3. **Bunús na hoibre fíorúcháin**

(a) cuspóirí an fhíoraithe;

(b) raon feidhme an fhíoraithe;

(c) raon feidhme an chreidiúnaithe is gá chun an fíorú a dhéanamh;

(d) dáta agus uimhir leagain an phlean faireacháin a úsáideadh le haghaidh an fhíoraithe;

(e) na critéir a úsáidtear chun tuarascáil an oibreora a fhíorú;

(f) tairseacha ábharthachta a chuirtear i bhfeidhm.

2.4. **Suiteáil agus fíorú sonraí**

(a) achoimre ar phlean faireacháin na suiteála, ina bhfuil an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

(1) liosta de na próisis agus bealaí táirgthe SCCT uile a dhéantar ag an tsuiteáil;

(2) faisnéis faoin gcaoi ar ríomhadh na hastaíochtaí díreacha agus indíreacha sannta do gach próiseas táirgthe;

(3) cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear aon bhreosla nialas-rátaithe, agus conas a léiríonn an t-oibreoir infheidhmeacht rátáil nialasach na mbreoslaí;

(4) an ndéantar teas intomhaiste a allmhairiú ó shuiteálacha eile nó a onnmhairiú chuig suiteálacha eile;

(5) an ndéantar dramhgháis sa tsuiteáil a tháirgeadh agus a úsáid, nó an ndéantar iad a allmhairiú nó a onnmhairiú chuig suiteálacha eile;

(6) cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear gabháil CO_2;

(b) tiomsú de na sonraí fíorúcháin, ina mbeidh an méid seo a leanas:

(1) astaíochtaí díreacha iomlána na suiteála le linn na tréimhse tuairiscithe;

(2) má tháirgeann an tsuiteáil earraí nach liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956:

(a) astaíochtaí indíreacha na suiteála le linn na tréimhse tuairiscithe;

(b) an modh chun an fachtóir sainastaíochtaí indíreacha agus an fhoinse faisnéise a úsáidtear a chinneadh;

(c) sainastaíochtaí leabaithe indíreacha gach earra a tháirgtear;

(3) cainníochtaí gach earra arna dtomhas san aonad feidhmiúil do gach cód AC;

(4) sainastaíochtaí leabaithe díreacha gach earra a tháirgtear;

(5) más infheidhme, i gcás leictreachas a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais:

(a) deimhniú, i gcás gach dearbhóra SCCT údaraithe dá bhfuil aguisín a bhaineann go sonrach leis an dearbhóir curtha ar fáil ag an oibreoir a ghabhann le tuarascáil astaíochtaí an oibreora agus le haghaidh chainníocht an leictreachais a luaitear inti, go gcomhlíontar na critéir a leagtar síos i Roinn 5 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956;

(b) achoimre ar na heilimintí d'fhianaise lena ndeimhnítear go bhfuil gach ceann de na critéir a leagtar síos i Roinn 5 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 comhlíonta;

(6) i gcás earraí nach liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956:

(a) i gcás astaíochtaí indíreacha, i gcás ina dtáirgtear leictreachas laistigh den tsuiteáil, cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas maidir le leictreachas:

— a tháirgtear trí chomhghiniúint;

— a tháirgtear trí ghiniúint ar leithligh;

— a tháirgtear ó fhoinsí iontaise nó ó fhoinsí in-athnuaite;

— a onnmhairítear ó theorainneacha córais próisis táirgthe;

(b) sciar na n-astaíochtaí indíreacha a chinntear ar bhonn luachanna iarbhír i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547;

(c) sciar na n-astaíochtaí indíreacha a chinntear ar bhonn luachanna réamhshocraithe;

(d) maidir leis an sciar d'astaíochtaí indíreacha a chinntear ar bhonn luachanna iarbhír, deimhniú go gcomhlíontar na critéir maidir le húsáid luachanna iarbhír a leagtar síos i bpointe 6 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956;

(e) na hastaíochtaí indíreacha sonracha arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547;

(7) leithdháileadh saor in aisce leabaithe sonrach gach earra a tháirgtear;

(8) deimhniú ar úsáid na dtagarmharcanna SCCT is infheidhme agus ar na modhanna a úsáidtear chun an leithdháileadh saor in aisce leabaithe sonrach a chinneadh.

2.5. **Fíorú sonraí réamhtheachtaithe**

(a) sonraí maidir le gach cineál réamhtheachtaí a d'úsáid an tsuiteáil, agus ar úsáideadh luachanna réamhshocraithe ina leith, cé is moite de réamhtheachtaithe a tháirgtear sa phróiseas táirgthe i gcomhréir le hAirteagal 4(9) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547:

(1) Cód AC;

(2) ainm an earra;

(3) an tír thionscnaimh, i gcás inarb eol í, agus agus an áit inar táirgeadh an réamhtheachtaí lasmuigh den tsuiteáil;

(4) an luach réamhshocraithe is infheidhme.

(b) sonraí maidir le gach cineál réamhtheachtaí a d'úsáid an tsuiteáil, agus ar úsáideadh luachanna iarbhír ina leith, cé is moite de réamhtheachtaithe a tháirgtear sa phróiseas táirgthe i gcomhréir le hAirteagal 4(9) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547:

(1) Cód AC;

(2) ainm an earra;

(3) an tír thionscnaimh;

(4) tréimhse tuairiscithe, agus léiriú ar cé acu a cinneadh nó nár cinneadh é trí úsáid a bhaint as an tréimhse thuairiscithe réamhshocraithe nó as am iarbhír an táirgthe;

(5) sainastaíochtaí leabaithe (sainastaíochtaí díreacha agus, más infheidhme, sainastaíochtaí indíreacha);

(6) faisnéis maidir le hoibreoir agus le suiteáil tionscnaimh an réamhtheachtaí:

(a) ainm an oibreora;

(b) ainm na suiteála;

(c) aitheantóir uathúil suiteála i gClárlann SCCT, má tá sé ar fáil;

(d) an tréimhse thuairiscithe is infheidhme;

(7) faisnéis faoin bhfíoraitheoir a d'fhíoraigh luachanna iarbhír an réamhtheachtaí:

(a) ainm an fhíoraitheora;

(b) seoladh na háite ina bhfuil an fíoraitheoir bunaithe;

(c) i gcás inar sheachfhoinsigh an fíoraitheoir gníomhaíochtaí fíorúcháin, seoladh/seoltaí na hoifige/na n-oifigí óna raibh roinnt gníomhaíochtaí fíorúcháin á seachfhoinsiú;

(d) ainm agus sonraí teagmhála an phríomhiniúchóra SCCT;

(e) uimhir chreidiúnaithe an fhíoraitheora;

(f) ainm an chomhlachta creidiúnaithe náisiúnta;

(g) tír bhunaíochta an chomhlachta creidiúnaithe náisiúnta;

(h) dáta éaga an chreidiúnaithe;

(i) raon feidhme an chreidiúnaithe is gá chun an fíorú a dhéanamh;

(j) cé acu a chinntear nó nach gcinntear le ráiteas an fhíoraitheora, le dearbhú réasúnach, go bhfuil an tuarascáil saor ó mhíráitis ábhartha agus ó neamh-chomhréireachtaí ábhartha;

(k) dáta eisiúna an ráitis fíorúcháin;

(c) i gcás ina bhfaigheann suiteáil, a tháirgeann earraí casta, réamhtheachtaithe ó shuiteáil eile faoi chód AC ar leith a tháirgtear le linn tréimhsí tuairiscithe éagsúla, na hastaíochtaí leabaithe sonracha (astaíochtaí díreacha agus, más infheidhme, astaíochtaí indíreacha) atá le húsáid le haghaidh an réamhtheachtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547.

(d) i gcás ina n-úsáideann próiseas táirgthe earra choimpléascaigh cineál réamhtheachtaí a fhaightear ó shuiteálacha iolracha, na hastaíochtaí leabaithe sonracha (astaíochtaí díreacha agus, más infheidhme, astaíochtaí indíreacha) atá le húsáid don réamhtheachtaí sin, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2547.

2.6. **Ráiteas fíorúcháin**

(a) ráiteas an fhíoraitheora ina léirítear cé acu a chinntear nó nach gcinntear, le dearbhú réasúnach, go bhfuil an tuarascáil saor ó mhíráitis ábhartha agus ó neamh-chomhréireachtaí ábhartha;

(b) faisnéis faoi mhíráitis ábhartha a aimsíodh agus a ceartaíodh;

(c) faisnéis faoi neamh-chomhréireachtaí ábhartha a aimsíodh agus a ceartaíodh;

(d) faisnéis faoi mhíráitis eile nár ceartaíodh sular eisíodh an tuarascáil fíorúcháin agus cé acu atá nó nach bhfuil siad ábhartha;

(e) faisnéis faoi neamh-chomhréireachtaí atá fágtha nár ceartaíodh sular eisíodh an tuarascáil fíorúcháin agus cé acu atá nó nach bhfuil siad ábhartha;

(f) faisnéis faoin neamhchomhlíonadh atá fágtha nár ceartaíodh sular eisíodh an tuarascáil fíorúcháin agus cé acu atá nó nach bhfuil siad ábhartha;

(g) moltaí maidir le feabhsuithe, más infheidhme;

(h) dáta agus síniú duine údaraithe thar ceann an fhíoraitheora, lena n-áirítear a ainm.

3. IARSCRÍBHINN: TUARASCÁIL ACHOMAIR ASTAÍOCHTAÍ AN OIBREORA DE BHUN IARSCRÍBHINN IV A GHABHANN LE RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2547

4. AGUISÍN A BHAINEANN GO SONRACH LEIS AN DEARBHÓIR A GHABHANN LEIS AN TUARASCÁIL ASTAÍOCHTAÍ ÓN OIBREOIR MAIDIR LE LEICTREACHAS A ALLMHAIRÍTEAR ISTEACH I GCRÍOCH CHUSTAIM AN AONTAIS